Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Meán Fómhair 2022**
**(OR. en)**

**12679/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0287(NLE)**

**POLCOM 119**
**COASI 152**

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 20 Meán Fómhair 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 472 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, sa Choiste Trádála arna bhunú leis an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shingeapór a mhéid a bhaineann le Rialacha Nós Imeachta an Choiste Trádála a ghlacadh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 472 final.

Faoi iamh: COM(2022) 472 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 20.9.2022
COM(2022) 472 final

2022/0287 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, sa Choiste Trádála arna bhunú leis an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shingeapór a mhéid a bhaineann le Rialacha Nós Imeachta an Choiste Trádála a ghlacadh**

GA GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Trádála arna bhunú leis an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shingeapór i ndáil leis an nglacadh atá beartaithe ar Rialacha Nós Imeachta an Choiste Trádála.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. Comhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shingeapór

Tá sé d'aidhm ag Comhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shingeapór ('an Comhaontú') trádáil agus infheistiú idir na Páirtithe a léirscaoileadh agus a éascú. Tháinig an comhaontú sin i bhfeidhm an 21 Samhain 2019.

### 2.2. An Coiste Trádála

Áiritheoidh an Coiste Trádála go bhfeidhmeoidh an Comhaontú mar is cuí, go ndéanfaidh sé maoirseacht ar chur chun feidhme agus cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo agus go ndéanfaidh sé sin a éascú, go gcuirfidh sé a aidhmeanna ginearálta chun cinn, go ndéanfaidh sé maoirseacht ar obair na gcoistí speisialaithe, na meithleacha agus na gcomhlachtaí eile uile a bhunaítear faoin gComhaontú seo, go mbreithneoidh sé bealaí chun an caidreamh trádála idir na Páirtithe a fheabhsú a thuilleadh, go bhféachfaidh sé le fadhbanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn i réimsí a chumhdaítear leis an gComhaontú seo a réiteach agus go mbreithneoidh sé aon ábhar spéise eile a bhaineann le réimse a chumhdaítear leis an gComhaontú seo. Tiocfaidh an Coiste Trádála le chéile san Aontas nó i Singeapór ar bhonn malartach gach dhá bhliain nó gan moill mhíchuí arna iarraidh sin do cheachtar Páirtí. An Comhalta den Choimisiún Eorpach atá freagrach as an trádáil, agus an tAire um Thrádáil agus Tionsclaíocht Shingeapór, nó ionadaithe na beirte sin, is iad sin a bheidh ina gcomhchathaoirligh ar an gCoiste Trádála. Glactar cinntí d'aon toil. Cuirtear an tAontas agus a Bhallstáit ar an eolas ar bhonn leanúnach faoi fheidhmiú an Chomhaontaithe tríd an gCoiste um an mBeartas Trádála agus tá cinntí an Choiste Trádála faoi réir nós imeachta 218(9) CFAE.

### 2.3. An gníomh ón gCoiste Trádála atá beartaithe

De bhun mír 4, pointe (f) d'Airteagal 16.1 den Chomhaontú, tá an Coiste Trádála le cinneadh a ghlacadh maidir lena Rialacha Nós Imeachta ('an gníomh atá beartaithe').

Tá tamall fada caite ag comhairliúcháin maidir leis na dréacht-Rialacha Nós Imeachta chun teacht ar chomhthoil, agus níor cuireadh bailchríoch orthu go fóill faoin gcéad chruinniú den Choiste Trádála a tionóladh an 7 Nollaig 2021.

Tá sé mar chuspóir ag an ngníomh atá beartaithe feidhmiú an Choiste Trádála a chur ar bhonn foirmiúil.

Beidh an gníomh atá beartaithe ina cheangal ar na páirtithe i gcomhréir le hAirteagal 16.4, mír 1 den Chomhaontú, lena bhforáiltear an méid seo a leanas: go bhféadfaidh na Páirtithe cinntí a dhéanamh sa Choiste Trádála nó i gcoiste speisialaithe, i gcás ina bhforáiltear dó sin sa Chomhaontú. Beidh na cinntí a dhéanfar i gcoiste den sórt sin ina gceangal ar na Páirtithe, agus déanfaidh na Páirtithe na bearta is gá chun na cinntí sin a chur chun feidhme.

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Is í aidhm ba cheart a bheith ag an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais rialacha nós imeachta an Choiste Trádála a ghlacadh faoi mar a fhoráiltear dóibh sa Chomhaontú.

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí nós imeachta

*4.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena mbunaítear '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.*'

Áirítear ar na '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht i gceist. Áirítear air freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a '*d'fhéadfadh tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh*'[1].

*4.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht é an Coiste Trádála a cuireadh ar bun trí chomhaontú, eadhon an Comhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shingeapór.

Is é atá sa ghníomh a iarrtar ar an gCoiste Trádála a ghlacadh gníomh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis. Beidh an gníomh atá beartaithe ceangailteach ó thaobh an dlí idirnáisiúnta de i gcomhréir le hAirteagal 4, mír 1 den Chomhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shingeapór.

Leis an ngníomh atá beartaithe ní fhorlíontar ná ní leasaítear creat institiúideach an Chomhaontaithe.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE bunús dlí nós imeachta leis an gcinneadh atá beartaithe.

### 4.2. Bunús dlí substainteach

*4.2.1. Prionsabail*

An bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe agus a bhfuiltear ag glacadh seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má shaothraítear dhá aidhm leis an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt agus an ceann eile mar aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús substainteach dlí aonair, is é sin an bunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomh-chomhpháirte.

*4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Baineann príomhchuspóir agus príomhábhar an ghnímh atá beartaithe leis an gcomhbheartas tráchtála.

---

[1] Breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 207(4) CFAE bunús dlí substainteach an nós imeachta leis an gcinneadh atá beartaithe.

### 4.3. Conclúid

Ba cheart Airteagal 207(4) CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE, a bheith mar bhunús dlí leis an gcinneadh atá beartaithe.

## 5. Foilsiú an ghnímh atá beartaithe

Tá sé beartaithe Cinneadh an Choiste Trádála a fhoilsiú ach a nglacfar é.

2022/0287 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, sa Choiste Trádála arna bhunú leis an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shingeapór a mhéid a bhaineann le Rialacha Nós Imeachta an Choiste Trádála a ghlacadh

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 91(1) agus 100(2) agus an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Thug an tAontas an Comhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shingeapór ('an Comhaontú') i gcrích le Cinneadh 2019/1875 ón gComhairle[2] agus tháinig sé i bhfeidhm an 21 Samhain 2019.

(2) De bhun phointe (f) de mhír 4 d'Airteagal 16.1 den Chomhaontú, féadfaidh an Coiste Trádála arna bhunú leis an gComhaontú ('an Coiste Trádála') a chuid Rialacha Nós Imeachta féin a ghlacadh.

(3) Dá bhrí sin, is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Trádála a bhunú maidir leis na Rialacha Nós Imeachta an Choiste Trádála a ghlacadh d'fhonn a áirithiú go gcuirfear an Comhaontú chun feidhme go héifeachtach.

(4) Ba cheart seasamh an Aontais sa Coiste Trádála a bhunú ar an dréachtchinneadh ón gCoiste Trádála,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais, laistigh den Choiste Trádála arna bhunú leis an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shingeapór, maidir le Rialacha Nós Imeachta an Choiste Trádála a ghlacadh, is ar an dréachtchinneadh ón gCoiste Trádála atá i gceangal leis an gCinneadh seo a bheidh sé bunaithe.

[2] IO L 294, 14.11.2019, lgh. 3-755.

*Airteagal 2*

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*